# Spléach-chártaí Ama

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am, meastachán<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | Is ionann … agus … , soicind, bomaite, uair an chloig, lá, seachtain, mí, bliain, tá sé rannta ina, thig é a roinnt ina |
| **Áiseanna** | spléach-chártaí – tacar A agus tacar B |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1: Cluiche Taispeánta

Socraigh na daltaí i mbeirteanna. Tabhair tacar de spléach-chártaí, Tacar A nó Tacar B do gach beirt agus coinnigh an tacar eile. Cuireann an múinteoir ceisteanna bunaithe ar na spléach-chártaí. Cuireann dalta amháin i ngach beirt an spléach-chárta comhfhreagrach in airde.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí na cártaí ama a chur in ord de réir a gcritéar féin. Iarr orthu míniú a thabhairt lena bhfáthanna maidir lena n-ord.

### 3 Gníomhaíocht 3

Iarr ar na daltaí a dtacar féin de chártaí eatramh ama bunaithe ar ghníomhaíochtaí sa tsaol s'acu a chruthú. Mar shampla, coibhéis ama de chluiche peile, an clár teilifíse nó an t-amhrán is fearr leo. Thiocfadh leo tacar de chártaí *Follow Me* bunaithe ar na heatraimh dhifriúla ama a chruthú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Ceisteanna bunaithe ar chártaí – Tacar A agus Tacar B. | • Mínigh ord do chártaí.<br>• Cad chuige a bhfuil eatraimh dhifriúla ama againn?<br>• Cad chuige a bhfuil blianta bisigh againn?<br>• Cad chuige a mbogann na cloig chun tosaigh agus siar?<br>• An dtiocfadh le níos mó ná 24 uair a bheith i lá amháin choíche? Pléigh. |

## Difreáil

Tabhair amach spléach-chártaí don chluiche de réir ábaltacht an dalta agus an taithí atá acu ar fhoghlaim faoi eatraimh dhifriúla ama. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Spléach-Chártaí Tacar A

| | | |
|---|---|---|
| uair an chloig | bomaite | Mí |
| seachtain | bliain | Lá |
| ceathrú uaire | leathuair | trí cheathrú uaire |
| bliain bhisigh | coicís | uair go leith |
| 120 soicind | 48 uair | 120 bomaite |

## Spléach-Chártaí Tacar B

| | | |
|---|---|---|
| 60 bomaite | 60 soicind | thart ar 30 lá |
| 7 lá | 52 seachtain | 24 uair |
| 15 bhomaite | 30 bomaite | 45 bomaite |
| 366 lá | dhá sheachtain | 90 bomaite |
| 2 bhomaite | 2 lá | 2 uair |

## Cruthaigh do spléach-chárta

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |